## Social History

The townland name Cill Mhuirbhigh derives from a chapel (Cill) or burial ground which formerly stood on the machair.

The pier which is located at the north-western corner of the beach was built in 1893 by the Congested Districts Board. The old store beside it was formerly used for mackerel pickling by the Aran Fisheries Co-operative Society.

Robert Flaherty used the store as his laboratory while making the film 'Man of Aran' in 1932-3. Flaherty and his family rented the house near the pier during that time and had two thatched cottages built back-to-back for filming.

## Stair Shóisialta

Is é is bunús le hainm an bhaile fearainn, Cill Mhuirbhigh, an focal ar shéipéal nó ar reilig (Cill) a bhí lonnaithe san am atá caite ar an machaire mara.

Is é Bord na gCeantar Cúng a thóg an ché, atá suite ar chiumhais iarthuaiscirt na trá, sa bhliain 1893. Bhíodh leas á bhaint ag Comharchumann Iascaigh Árann san am atá caite as an seanstór atá lena thaobh le ronnaigh a phicilt.

D'úsáid Robert Flaherty an stór mar shaotharlann nuair a bhí an scannán 'Man of Aran' á dhéanamh aige in 1932-3. Thóg an Flathartach agus a chlann an teach atá gar don ché ar cíos le linn an ama sin agus chuir sé dhá theach ceann tuí á dtógáil le cúl a chéile le haghaidh na scannánaíochta.



References/Tagairtí: Robinson, T. 1996 'Oileáin Árann – a companion to the map of the Aran Islands' Folding Landscapes, Roundstone, Galway.

## Beach Code of Conduct

- Guard against all risk of fire
- Leave only footprints – don't be a litterbug
- Kill nothing but time
- Take nothing but memories and photographs
- Don't disturb, don't destroy and act responsibly

## Cód Iompair ar an Trá

- Ná déan tine a adhaint
- Ná fág ach lorg do chos i do dhiaidh – ná bí i do bhodach bruscair
- Caomhnaigh agus ná cealaigh
- Ná tabhair leat aon rud ach cuimhní agus fótagraif
- Ná mill agus ná cuir isteach ar aon rud agus bí freagrach

Keep Galway Litter Free
Coinnigh Gaillimh saor ó Bhruscar

This information leaflet is published by the Environment Section of Galway County Council in conjunction with Galway County Heritage Forum

Is é Rannóg Timpeallachta i gComhairle Chontae na Gaillimhe a d'fhoilsigh an bhileog seo i gcomhpháirt le Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe

Text /Téacs: Zena Hoctor
Translator/Aistritheoir: Padraic de Bhaldraithe
Design/Dearadh: www.TRUESIGN.ie

For further information
Chun a thuilleadh eolais a fháil

**www.galway.ie/services/environment/beaches**

# Discover the Beaches of County Galway

## Trá Chill Mhuirbhigh, Inis Mór



# Cuir Aithne ar Thránna Chontae na Gaillimhe




Cill Mhuirbhigh beach is located on the mid-north coast of Inis Mór, the largest of the three Aran Islands.

Tá trá Chill Mhuirbhigh suite leath bealaigh ar chósta thuaidh Inis Mór, an ceann is mó de thrí Oileán Árann.

## A Special Grassland

Machair is species-rich, coastal grassland found along the west coast of Ireland and Scotland. It can be found behind the beach at Cill Mhuirbhigh. The machair grasslands of the Aran Islands are home to several rare plant species. Purple milk vetch grows on machair on Inis Mór and Inis Meáin and is legally protected under the Flora (Protection) Order (1999). Sea kale, hairy violet and bee orchid all inhabit the coastal grasslands around Inis Mór. All three species are listed in the Irish Red Data Book and hairy violet is legally protected under the Flora (Protection) Order (1999).

## Talamh Féaraigh ar leith

Is talamh féaraigh cósta ar mhóran speiceas atá i gceist leis an machaire mara, a fhaightear ar chóstaí thiar na hÉireann agus na hAlban. Tá sé le fáil laistiar den trá i gCill Mhuirbhigh. Fásann roinnt speiceas neamhchoitianta ar mhachairí mara Oileán Árann. Fásann an bleachtphiseán ar mhachairí mara Inis Mór agus Inis Meáin agus tá cosaint dhlíthiúil aige faoin Flora Protection Order (1999). Fásann an phraiseach thrá, an tsailchuach ghiobach agus magairlín na mbeach ar an talamh féaraigh ar chósta Inis Mór. Tá na trí speiceas liostaithe i Leabhar Dearg Sonraí na hÉireann agus tá an tsailchuach ghiobach faoi chosaint dhlíthiúil faoin Flora Protection Order (1999).

## The Sandy Shore

Cill Mhuirbhigh beach consists of a sheltered sandy shore with rocky shore at both its western and eastern extremities. Link frond, a green seaweed, occurs in the mid central lower shore. Closer to the rocky shore to the west, the sandcasts of burrowing worms, which provide a rich feeding ground for wading birds, can be found.

## An Trá Ghainimh

Is trá ghainimh fhoscúil atá i dtrá Chill Mhuirbhigh agus tá cladaí ar na himill thiar agus thoir. Bíonn an glasán, feamainn ghlas, le fáil i lár na trá íochtair. Bíonn lorg péisteanna tochailte le feiceáil gar don chladach thiar agus is achar saibhir beathaithe atá ann do lapairí.

## The Rocky Shore

The rocky shore exhibits typical zonation patterns. In the splash zone, *Xanthoria* lichen occurs above the black tar lichen. On the upper shore channelled wrack mainly occurs above twisted wrack. Middle shore communities include bladder wrack, limpets and periwinkles. On the lower shore, red algae grow alongside green seaweeds including sea lettuce and the brown toothed wrack.



## An Cladach

Léirítear patrúin chriosúcháin thíopúla ar an gcladach. Sa chrios steancála bíonn an léicean *Xanthoria* níos faide thuas ná an léicean dubh tarra. Ar an gcladach uachtair bíonn an chaisíneach taobh thuas den chasfheamainn de ghnáth. I measc na bpobal i lár an chladaigh bíonn an fheamainn bhoilgíneach, an bairneach agus an fhaocha. In íochtar cladaigh fásann feamainn dhearg taobh le feamainní glasa, leithéidí an glasán, agus leis an míoránach.

## Birdlife

The birdlife of Inis Mór is of international significance, due to the presence of significant numbers of bird species listed under Annex I of the European Birds Directive. Chough, little tern, artic tern and peregrine falcon all breed here. Additional bird species on Inis Mór include merlin, kestrel, sparrowhawk, linnet and goldfinch. Along the south-western coastline, cliffs provide excellent nesting sites for guillemot, fulmar, razorbill, shag, herring gull, great black-backed gull and kittiwake.

## Beathra Éan

Tá tábhacht idirnáisiúnta leis an mbeathra éan ar Inis Mór, de bharr líon suntasach de speiceas atá liostaithe faoi Iarscríbhinn I de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin a bheith i láthair. Bíonn an cág cosdearg, an gheabhróg bheag, an gheabhróg artach agus an fabhcún gorm uile ar gor ansin. Áirítear an meirliún, an pocaire gaoithe, an spioróg, an ghleoiseach agus an lasair choille i measc na speiceas éan eile atá ar Inis Mór. Ar an gcósta theas, tá láithreacha neadaithe den scoth ar na haillte le haghaidh na bhforachan, na bhfulmairí, na gcrosán, na seagaí, na bhfaoileán scadán, na ndroimneach mór agus na saidhbhéar.

